C/2025/3090

27.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12011 – PPF / ITIS HOLDING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3090)

1. An 20 Bealtaine 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— PPF a.s. ('PPF', Poblacht na Seice), faoi rialú PPF Group N.V. (an Ísiltír),

— ITI Holding a.s. ('ITIS Holding', Poblacht na Seice).

Gheobhaidh PPF rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar ITIS Holding ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— PPF: Grúpa ilnáisiúnta airgeadais agus infheistíochta a dhíríonn ar sheirbhísí airgeadais, seirbhísí airgeadais do thomhaltóirí, teileachumarsáid, biteicneolaíochtaí, seirbhísí miondíola, réadmhaoin agus innealtóireacht mheicniúil,

— ITIS Holding: Soláthraí réiteach le haghaidh córais bhonneagair agus dola, chomh maith le táirgeoir teicneolaíochta agus bogearraí ríomhamhairc le haghaidh sainaithint íomhábhunaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12011 – PPF / ITIS HOLDING

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË